Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith L

2023/2142

17.10.2023

**CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/2142 ÓN gCOIMISIÚN**

**an 13 Deireadh Fómhair 2023**

**lena leasaítear Cinntí Cur Chun Feidhme (AE) 2021/60, (AE) 2021/61 agus (AE) 2021/65, a mhéid a bhaineann le soláthraí an ábhair thagartha**

*(tugadh fógra faoi leis an doiciméad C(2023) 6730)*

**(Is é an téacs Ollainnise amháin atá barántúil)**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1829/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Meán Fómhair 2003 maidir le bia géinmhodhnaithe agus beatha ghéinmhodhnaithe ([1]), agus go háirithe Airteagal 9(2) agus Airteagal 21(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Is é Bayer CropScience LP, na Stáit Aontaithe, arna ionadú san Aontas ag Bayer Agriculture BV, an Bheilg, sealbhóir an údaraithe maidir le harbhar Indiach géinmhodhnaithe ina bhfuil teagmhas thrasfhoirmithe aonair MIR 162 (aitheantóir uathúil SYN-IR162-4) a chumhdaítear le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/60 ón gCoimisiún ([2]), Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/61 ón gCoimisiún ([3]) agus Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/65 ón gCoimisiún ([4]) chur ar an margadh faoi Rialachán (CE) Uimh. 1829/2003.

(2) Sna hIarscríbhinní a ghabhann le Cinntí Cur Chun Feidhme (AE) 2021/60, (AE) 2021/61 agus (AE) 2021/65, tá tásc ar a sonraítear soláthraí na n-ábhar tagartha agus naisc chuig na leathanaigh ghréasáin ar a bhfuil na hábhair thagartha don mhodh braite ar fáil.

(3) Trí litir dar dáta an 17 Deireadh Fómhair 2022, chuir Bayer Agriculture BV, thar ceann Bayer CropScience LP, an Coimisiún ar an eolas maidir le hathrú soláthraí an ábhair thagartha, is é sin arbhar Indiach géinmhodhnaithe MIR162, dá bhrí sin, ba cheart Cinntí Cur Chun Feidhme (AE) 2021/60, (AE) 2021/61 agus (AE) 2021/65 a leasú chun an tásc a thabhairt cothrom le dáta a mhéid a bhaineann le naisc chuig suíomh gréasáin lena bhfaightear rochtain ar na hábhair thagartha faoi seach.

(4) An t-athrú ar sholáthraí an ábhair thagartha, is é sin arbhar Indiach géinmhodhnaithe MIR162, ba cheart é a chur isteach i gclár an Chomhphobail de bhia géinmhodhnaithe agus de bheatha ghéinmhodhnaithe dá dtagraítear in Airteagal 28(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1829/2003.

(5) Is leasuithe riaracháin amháin iad na leasuithe a mholtar ar an údarú agus níl measúnú nua i gceist ar na táirgí lena mbaineann mar gheall orthu.

([1]) IO L 268, 18.10.2003, lch. 1.

([2]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/60 ón gCoimisiún an 22 Eanáir 2021 lena n-údaraítear táirgí ina bhfuil arbhar Indiach géinmhodhnaithe MON 87427 × MON 89034 × MIR162 × NK603, nó atá comhdhéanta de, nó a tháirgtear as, agus arbhar Indiach géinmhodhnaithe ina gcomhcheanglaítear dhá cheann nó trí cinn de na teagmhais thrasfhoirmithe aonair MON 87427, MON 89034, MIR162 agus NK603 a chur ar an margadh agus lena n-aisghairtear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1111 de bhun Rialachán (CE) Uimh. 1829/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 26, 26.1.2021, lch. 5).

([3]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/61 ón gCoimisiún an 22 Eanáir 2021 lena n-údaraítear táirgí ina bhfuil arbhar Indiach géinmhodhnaithe MON 87427 × MON 89034 × MIR162 × NK603, nó atá comhdhéanta de, nó a tháirgtear as agus arbhar Indiach géinmhodhnaithe ina gcomhcheanglaítear dhá cheann, trí cinn nó ceithre cinn de na teagmhais thrasfhoirmithe aonair MON 87427, MON 87460, MON 89034, MIR162 agus NK603, a chur ar an margadh de bhun Rialachán (CE) Uimh. 1829/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 26, 26.1.2021, lch. 12).

([4]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/65 ón gCoimisiún an 22 Eanáir 2021 lena n-údaraítear táirgí ina bhfuil arbhar Indiach géinmhodhnaithe MON 87427 × MON 89034 × MIR162 × NK603, nó atá comhdhéanta de, nó a tháirgtear as, agus arbhar Indiach géinmhodhnaithe ina gcomhcheanglaítear dhá cheann nó trí cinn de na teagmhais thrasfhoirmithe aonair MON 87427, MON 89034, MIR162 agus MON 87411, a chur ar an margadh de bhun Rialachán (CE) Uimh. 1829/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 26, 26.1.2021, lch. 37).

(6) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Chinneadh seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Leasú ar Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/60**

San Iarscríbhinn, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (d)(3):

'(3) Ábhar Tagartha: Tá AOCS 0512 (le haghaidh MON-87427-7) agus AOCS 0906 (le haghaidh MON-89Ø34-3) ar fáil tríd an American Oil Chemists Society ag https://www.aocs.org/crm agus tá ERM®-BF415 (for MON-ØØ6Ø3-6) agus ERM®-BF446 (le haghaidh SYN-IR162-4) ar fáil tríd Airmheán Comhpháirteach Taighde (JRC) an Choimisiúin Eorpaigh ag https://crm.jrc.ec.europa.eu/.'

*Airteagal 2*

**Leasú ar Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/61**

San Iarscríbhinn, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (d)(3):

'(3) Ábhar Tagartha: Tá AOCS 0512 (le haghaidh MON-87427-7), AOCS 0709 (le haghaidh MON-8746Ø-4) agus AOCS 0906 (le haghaidh MON-89Ø34-3) ar fáil tríd an American Oil Chemists Society ag https://www.aocs.org/crm agus tá ERM®-BF415 (for MON-ØØ6Ø3-6) agus ERM®-BF446 (le haghaidh SYN-IR162-4) ar fáil tríd Airmheán Comhpháirteach Taighde (JRC) an Choimisiúin Eorpaigh ag https://crm.jrc.ec.europa.eu/.'

*Airteagal 3*

**Leasú ar Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/65**

San Iarscríbhinn, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (d)(3):

'(3) Ábhar Tagartha: Tá AOCS 0512 (le haghaidh MON-87427-7), AOCS 0906 (le haghaidh MON-89Ø34-3) agus AOCS 0215 (le haghaidh MON-87411-9) ar fáil tríd an American Oil Chemists Society ag https://www.aocs.org/crm agus tá ERM®-BF446 (le haghaidh SYN-IR162-4) ar fáil tríd Airmheán Comhpháirteach Taighde (JRC) an Choimisiúin Eorpaigh ag https://crm.jrc.ec.europa.eu/.'

*Airteagal 4*

**Seolaí**

Is chuig Bayer Agriculture BV, Scheldelaan 460, 2040 Antuairp, an Bheilg a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 13 Deireadh Fómhair 2023.

*Thar ceann an Choimisiúin*
Stella KYRIAKIDES
*Comhalta den Choimisiún*